Fleadh Cheoil TG4

2027

(Craoladh Beo Teilifíse & Sruthú Beo ar Chomórtais na Fleidhe)

An dáta deiridh d'iarratais: 12:00 an 6 Eanáir 2026

Tá córas coimisiúnaithe nua i bhfeidhm ag TG4 – TG4 eCoimisiúin. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Fáiltíonn TG4 roimh iarratais ó chomhlachtaí léiriúcháin chun clúdach beo agus ábhar gaolmhar a léiriú do Fleadh Cheoil na hÉireann 2027 a bheidh ar siúl i mBéal Feirste i mí Lúnasa. Conradh léiriúcháin bliana amháin atá i gceist leis an tairiscint seo.

Tá TG4 ag iarraidh clúdach uaillmhianach, bríomhar agus sainiúil a thabhairt ar Fhleadh Cheoil na hÉireann, a léireoidh fairsinge agus fuinneamh na hócáide agus a thabharfaidh an lucht féachana isteach i gcroílár na Fleidhe. Beidh sraitheanna siamsaíochta ceoil agus cultúrtha i gceist, ina mbeidh meascán de chraoladh beo, ábhar réamhthaifeadta agus beoshruthú digiteach.

Tá an Fhleadh ar cheann de bhuaicphointí bhliain cheoil TG4, agus beidh craoladh beo gach oíche ón Déardaoin go dtí an Domhnach mar chroílár an chlúdaigh. Táimid ag lorg cur chuige cruthaitheach a thabharfaidh na scéalta, na daoine agus an ceol is fearr ón bhFleadh chun solais, le béim ar leith ar cheol beo, ceol uirlise, amhránaíocht, damhsa, comórtais, seisiúin, ceoltóirí aitheanta agus an chéad ghlúin eile de thallann cheoil.

Ba cheart leas ar leith a bhaint as Béal Feirste mar chuid lárnach d'fhéiniúlacht agus d'insint an chlúdaigh, ag léiriú an chaidrimh idir an chathair, an ceol, an Ghaeilge agus na pobail a ghlacann páirt san Fhleadh. Tugann suíomh na bliana 2027 deis ar leith dúinn éagsúlacht ár gcultúr agus ár dtraidisiún a cheiliúradh, chomh maith leis na naisc a chruthaíonn an ceol idir pobail agus idir ghlúnta.

Ba cheart go mbeadh an lucht féachana i gcroílár an chur chuige, le fís shoiléir maidir le conas lucht féachana dílis na Fleidhe a shásamh agus lucht féachana nua a mhealladh trí ábhar tarraingteach ar an teilifís agus ar ardáin dhigiteacha TG4.

Ní mór do gach iarratas a bheith ag teacht le tosaíochtaí eagarthóireachta TG4, lenár straitéis lucht féachana agus lenár dtiomantas d'ábhar Gaeilge den scoth. Ba cheart d'iarratasóirí aird ar leith a thabhairt ar Pholasaí Teanga TG4 agus a chinntiú go bhfuil an cur chuige atá molta acu ag teacht leis.

Is riachtanas de chuid TG4 é go mbeadh eolas ag comhlacht ar bith a mbronntar coimisiúnú air ar Chaighdeáin agus Treoirlínte Iriseoireachta Chláir TG4, Polasaí Comhlíontachta TG4 agus na hoibleagáidí reachtúla agus rialála atá i gceist faoin Acht Craolacháin 2009 chomh maith le heolas a bheith acu ar Chóid agus Rialacha ábhartha Choimisiún na Meán (CnaM.ie).

1. Craoladh Beo Teilifíse – Fleadh Cheoil na hÉireann 2027

Craolfar sraitheanna teilifíse beo ó Fhleadh Cheoil na hÉireann i bpríomhamchlár TG4 agus ar TG4+ i mí Lúnasa 2027 chomh maith le hábhar réamhthaifeadta ó Fhleadhanna Ceoil na gCúigí ag deireadh mhí Iúil agus tús mhí Lúnasa.

Tá TG4 ag lorg cur chuige cruthaitheach, úr agus uaillmhianach a thabharfaidh fuinneamh, atmaisféar agus sainiúlacht na Fleidhe chuig an lucht féachana. Fáilteofar go háirithe roimh eilimintí nua agus smaointe nuálacha nach raibh mar chuid de chlúdach TG4 ar an bhFleadh go dtí seo.

Cuirfear béim ar leith ar iomaitheoirí na Fleidhe agus ar cheoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí nach bhfaigheann mórán deiseanna a bheith le feiceáil ar TG4 ná ar chainéil teilifíse eile in Éirinn. Ba cheart go mbeadh meascán tarraingteach de thallann nua agus de cheoltóirí aitheanta mar chuid den chlúdach.

Cur Chuige Digiteach agus Ilardáin

Ní mór cur chuige digiteach a bheith fite fuaite sa togra ón gcéad chéim. Ní leor gearrthóga ón bpríomhchraoladh a fhoilsiú ar na meáin shóisialta ina dhiaidh. Tá TG4 ag lorg smaointe cruthaitheacha agus formáidí nua a cheapfar agus a léireofar go sonrach do na hardáin dhigiteacha agus shóisialta, lena n-áirítear ábhar gearrfhoirme, ábhar digiteach eisiach agus bealaí nuálacha chun an lucht féachana a mhealladh agus a spreagadh le bheith rannpháirteach.

Ba cheart don iarratasóir a léiriú conas a oibreoidh na heilimintí éagsúla le chéile mar thairiscint chomhtháite ar TG4, TG4+, ardáin bheoshruthaithe, YouTube agus ardáin shóisialta TG4. Beidh béim ar leith ar lucht féachana nua a mhealladh agus ar leas a bhaint as láidreachtaí agus féidearthachtaí gach ardáin chun teacht ar lucht féachana éagsúla.

Ní mór aird ar leith a thabhairt ar an sreabhadh oibre agus ar an gcumas léiriúcháin a bheidh riachtanach chun líon suntasach uaireanta d'ábhar beo agus iar-bheo a thaifeadadh, a chur in eagar, a cheadú agus a fhoilsiú go tráthúil agus go héifeachtúil ar ardáin éagsúla.

Beidh na foirne léiriúcháin agus láithreoireachta lárnach sa mheasúnú, agus ba cheart don togra cur síos soiléir a thabhairt ar an bhfoireann chruthaitheach, ar an tallann láithreoireachta agus ar an gcur chuige léiriúcháin atá beartaithe.

Beidh 7.5 uair a chloig ar a laghad de bheochraoladh ó Déardaoin go Domhnach i gceist móide clár aonair 1 uair a chloig iarbheo a bheidh le craoladh seachtain roimh ré ó Fhleadhanna na gCúigí.

Bheifí ag súil le 80 nóiméad (10 nóiméad sa lá) ar a laghad d'ábhar breise digiteach a bheadh le craoladh ar ardáin You Tube TG4 agus ar ardáin shóisialta TG4.

D'fháilteofaí roimh smaointe do sholáthar eile a d'fhéadfaí a chur i gcrích go díreach don chainéal YouTube nó eile laistigh den mhórbhuiséad atá luaite.

Fanfaidh cearta ar an ábhar le TG4. Uasbhuiséad an phacáiste seo: **€750,000**

2. Beoshruthú Chomórtais na Fleidhe

Fáiltíonn TG4 roimh iarratais chun comórtais Fleadh Cheoil na hÉireann 2027 a bheoshruthú ar ardáin dhigiteacha agus shóisialta TG4 agus Chomhaltas Ceoltóirí Éireann (CCÉ).

Beidh beoshruthú na gcomórtas ar siúl ar an Aoine, an Satharn agus an Domhnach deireanach den Fhleadh, lena n-áirítear mórchomórtas na mBannaí Céilí Sinsearacha tráthnóna Dé Domhnaigh. Is iad TG4 agus CCÉ a aontóidh na comórtais a bheidh le beoshruthú.

Tá TG4 ag lorg cur chuige gairmiúil, tarraingteach agus nuálach a thabharfaidh eispéireas ardchaighdeáin don lucht féachana ar líne. Fáilteofar go háirithe roimh smaointe agus eilimintí nua a chuirfidh feabhas ar an gclúdach agus nach raibh mar chuid den chur chuige beoshruthaithe go dtí seo.

Ba cheart don togra a léiriú conas a chuirfear torthaí, nuashonruithe agus eolas tráthúil ar dhul chun cinn na gcomórtas ar fáil ar ardáin dhigiteacha agus shóisialta an dá chomhpháirtí, TG4 agus CCÉ.

Ní mór don iarratasóir cur síos soiléir a thabhairt ar an gcur chuige teicniúil agus léiriúcháin, ar na foirne a bheidh ag teastáil agus ar an gcumas chun roinnt comórtas a bheoshruthú agus ábhar a fhoilsiú go héifeachtúil.

Beidh 17 n-uair a chloig ar a laghad de na comórtais le sruthú. Beidh Mórchomórtas na mBannaí Céilí, atá 4 uair a chloig ar fhad, san áireamh sna huaireanta seo. Anuas air sin, moltar clár uair a chloig de na buaicphointí ó Chomórtas na mBannaí Céilí a bheith san áireamh sa phacáiste seo.

Beidh cearta an ábhair á gcoinneáil ag TG4 agus CCÉ araon. Uasbhuiséad an phacáiste seo**:** **€100,000**

IARRATAIS AR NA PACÁISTÍ

Is féidir le comhlachtaí léiriúcháin iarratas a dhéanamh ar an bpacáiste iomlán do Fhleadh Cheoil na hÉireann 2027, lena n-áirítear an craoladh beo teilifíse agus beoshruthú na gcomórtas, nó ar cheann amháin den dá phacáiste. Ba cheart d'iarratasóirí a léiriú go soiléir cén pacáiste nó cé na pacáistí a bhfuil siad ag cur isteach orthu.

Beifear ag súil le dlúthchomhoibriú idir na foirne léiriúcháin, TG4 agus CCÉ chun clúdach comhtháite, comhsheasmhach agus ardchaighdeáin a chinntiú ar gach ardán, beag beann ar cé acu comhlacht amháin nó comhlachtaí éagsúla a bheidh freagrach as na pacáistí.

RIACHTANAIS IARRATAIS

Beidh foirm le líonadh isteach mar chuid den iarratas ar an suíomh nua eCoimisiúin. Is féidir an t-eolas a bhaineann leis na riachtanais thíos agus aon eolas breise a chur ag deireadh an iarratais i bhfoirm pdf mar aon le naisc ar bith ar mian libh a áireamh.

Ba cheart d'iarratasóirí aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a bhaineann leis an bpacáiste nó leis na pacáistí a bhfuil siad ag cur isteach orthu. Is gá na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iarratas, de réir mar is cuí don phacáiste:

Fís Chruthaitheach agus Eagarthóireachta: Cur síos soiléir ar an uaillmhian, ar an bhfís eagarthóireachta agus ar an gcur chuige cruthaitheach úr don chraoladh beo agus/nó do bheoshruthú na gcomórtas.

Béal Feirste agus an Fhleadh: Cur chuige eagarthóireachta a léiríonn conas a bhainfear leas as Béal Feirste, a pobail, a cultúr agus a hoidhreacht cheoil mar chuid lárnach den chlúdach, chomh maith le fuinneamh agus sainiúlacht na Fleidhe féin.

Lucht Féachana: Léiriú soiléir ar an sprioclucht féachana, ar a riachtanais agus ar an gcaoi a mheallfar agus a choinneofar aird lucht féachana reatha agus nua, go háirithe lucht féachana níos óige.

Cur Chuige Digiteach agus Ilardáin: Plean uaillmhianach ilardáin a léiríonn conas a cheapfar agus a léireofar ábhar go sonrach d'ardáin éagsúla, seachas ábhar ón bpríomhchraoladh a athúsáid amháin. Ba cheart na formáidí, na hardáin, an lucht féachana agus an cur chuige foilsithe a leagan amach go soiléir.

Fís Stiúrthóireachta agus Léiriúcháin: Cur síos ar an bhfís stiúrthóireachta, ar an stáitsiú, ar an dearadh agus ar an gcur chuige físiúil a fhreastalóidh ar nádúr an cheoil agus a chuirfidh beocht, atmaisféar agus ealaíontacht na Fleidhe i láthair an lucht féachana.

Foireann Chruthaitheach agus Eagarthóireachta: Sonraí faoin bhfoireann atá beartaithe, taobh thiar den cheamara agus os a chomhair, lena n-áirítear a róil, a dtaithí ábhartha agus a gcumas clúdach beo agus ilardáin a sheachadadh.

Tallann agus Láithreoirí: Moltaí maidir leis na láithreoirí agus an tallann a bheidh lárnach sa chlúdach agus an fáth a bhfuil siad oiriúnach don fhís eagarthóireachta agus don lucht féachana atá beartaithe.

Plean agus Amlíne Léiriúcháin: Amlíne shoiléir léiriúcháin agus plean seachadta, lena n-áirítear an cur chuige maidir le taifeadadh, eagarthóireacht, ceadú agus foilsiú ábhair bheo agus iar-bheo ar na hardáin éagsúla.

Cumas Teicniúil agus Seachadta: Léiriú ar an gcumas teicniúil, ar na hacmhainní agus ar na socruithe oibríochtúla chun craoladh beo agus/nó beoshruthú ar ardchaighdeán a sheachadadh go hiontaofa, lena n-áirítear pleananna teagmhasacha agus comhordú leis na comhpháirtithe ábhartha.

Súil Eile TG4: Léiriú ar an gcaoi a léiríonn an togra féiniúlacht agus cur chuige sainiúil TG4, agus ar an méid a dhéanfaidh an clúdach úr, éagsúil agus tarraingteach.

An Ghaeilge agus Polasaí Teanga TG4: Cur chuige soiléir eagarthóireachta agus teanga a léiríonn conas a chinnteofar ardchaighdeán, cruinneas, saibhreas agus nádúrthacht na Gaeilge sa chlúdach. Ní mór don togra a bheith ag teacht le Polasaí Teanga TG4. Beidh sé riachtanach comhairleoir teanga ó phainéal comhairleoirí teanga TG4 a fhostú le haghaidh gach togra.

Buiséad: Buiséad mionsonraithe ar Theimpléad Buiséid TG4, ina mbeidh buiséad sonrach don ábhar digiteach agus do na meáin shóisialta leagtha amach go soiléir.

Má tá aon cheist agat maidir leis an mbabhta seo nó más maith leat cruinniú a shocrú, seol ríomhphost chuig proinsias.ni.ghrainne@tg4.ie nó ciaran.omaonaigh@tg4.ie

Eolas Eile d'Iarrthóirí

*Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/, agus an t-iarratas a dhéanamh roimh an sprioc-am tríd an rogha, "**Fleadh Cheoil 2027"** a roghnú ón roghchlár anuas. Tiocfaidh admháil chugat go leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus is iad na comhlachtaí féin a chaithfidh a chinntiú gur seachadadh na hiarratais.*

Má tá aon cheist agat faoin bpróiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig

caithriona.nichurraoin@tg4.ie nó lauren.nimhaoileanaigh@tg4.ie

Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.

Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.

Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.

Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.